# 17 Aicmiú oibrithe chun críocha ÁSPC

**17.1** Tá ranníocaíochtaí Árachais Shóisialaigh Phá-Choibhneasa (ÁSPC) iníoctha i leith daoine atá 16 bliana d'aois nó níos sine go dtí go ndeonaítear an pinsean Stáit dóibh. Íoctar ranníocaíochtaí ÁSPC isteach sa CÁS reachtúil, a mhaoiníonn réimse sochar árachais shóisialaigh agus pinsin. Sa bhliain 2024, bailíodh os cionn €18 mbilliún i bhfáltais ÁSPC.[1]

**17.2** Athraíonn na rátaí ranníocaíochta ÁSPC iníoctha ag brath ar an aicme árachais shóisialaigh ina mbíonn duine (féach Iarscríbhinn 17A). Go ginearálta, is é stádas fostaíochta duine agus an earnáil eacnamaíoch ina n-oibríonn siad a chinneann an aicme ranníocaíochta ÁSPC chuí le haghaidh ioncam a thuilltear.

**17.3** Cuireann oibrithe, atá aicmithe mar fhostaithe, uasráta 4.1% dá dtuilleamh leis. I gcodarsnacht leis sin, tá a bhfostóirí faoi dhliteanas ranníocaíochtaí a íoc ag rátaí idir nialas agus 11.15%. Íocann daoine atá féinfhostaithe an méid atá coibhéiseach le ráta ranníocaíochta an fhostaí (4.1%) agus — ós rud é nach bhfuil aon fhostóir tríú páirtí ann — níl aon ranníocaíocht fostóra nasctha leis. Dá bhrí sin, tá dreasacht shuntasach eacnamaíoch ann chun oibrithe a aicmiú mar fhéinfhostaithe, agus is príomhriosca é aicmiú mícheart oibrithe maidir le hiomláine fáltais ranníocaíochta ÁSPC.

**17.4** Tá tábhacht leis an aicmiú ceart ar dhuine chun críocha ÁSPC freisin mar go bhféadfadh tionchar a bheith aige ar shochair árachais shóisialaigh agus/nó ar theidlíochtaí pinsin oibrithe (féach Iarscríbhinn 17B).

**17.5** Tá an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) freagrach as an gcóras ÁSPC agus as cinneadh foirmiúil a dhéanamh ar gach ábhar a bhaineann le hárachas sóisialach. Bailíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim formhór mór na ranníocaíochtaí ÁSPC atá dlite thar ceann na Roinne ar bhonn reachtúil agus faoi shocrú gníomhaireachta.[2,3]

**17.6** Scrúdaíonn an tuarascáil seo na próisis atá curtha i bhfeidhm ag an Roinn chun aghaidh a thabhairt ar an riosca go ndéanfar stádas fostaíochta daoine aonair a mí-aicmiú chun críocha ÁSPC. Déantar machnamh sa tuarascáil ar

- na critéir a úsáidtear agus a gcur i bhfeidhm ag an Roinn chun stádas fostaíochta a chinneadh
- fairsinge na féinfhostaíochta taifeadta sa Stát
- gníomhaíocht chomhlíontachta ar thug an Roinn fúithi chun cásanna mí-aicmithe a bhrath.

**17.7** Rinne an fhoireann athbhreithniú ar na príomhdhoiciméid agus príomhshonraí a sholáthair an Roinn agus chuir sí comhaltaí ábhartha bhaill foirne na Roinne faoi agallamh. Rinneadh scrúdú ar shampla d'imscrúduithe ó ghníomhaíocht chomhlíontachta na Roinne in 2024 chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh le beartais agus nósanna imeachta na Roinne. Fuarthas faisnéis áirithe ó na Coimisinéirí Ioncaim le linn an scrúdaithe freisin.

1 Áirítear leis na fáltais ÁSPC tobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna, a bhailítear trí ranníocaíochtaí ÁSPC an fhostóra agus a aisíoctar chuig an gCiste Náisiúnta Oiliúna. Féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2024*, caibidil 24, Bailiú agus leithdháileadh fáltais ÁSPC.

2 Íocann an Roinn táille ghníomhaireachta bhliantúil (€37 milliún) leis na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le costais a thabhaíonn na Coimisinéirí Ioncaim agus iad ag bailiú ÁSPC. Is muirear ar an gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) í an táille.

3 Bailíonn an Roinn roinnt fáltais ÁSPC go díreach freisin. Bhailigh an Roinn €14 mhilliún san iomlán (níos lú ná 0.1% d'iomlán na bhfáltas ÁSPC) go díreach in 2024.

## Critéir a úsáidtear chun stádas fostaíochta a chinneadh

**17.8** Níl na téarmaí 'fostaí' agus 'féinfhostaithe' sainmhínithe faoi dhlí na hÉireann ná faoi dhlí an AE.

**17.9** Seachas cinneadh na Roinne maidir le stádas fostaíochta chun críocha aicmithe ÁSPC, féadfar stádas fostaíochta oibrí a chinneadh ar leithligh chun críocha eile.

- Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim stádas fostaíochta oibrí a chinneadh i gcomhthéacs a gcóireáil chun críocha cánach ioncaim.
- Féadfaidh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) stádas fostaíochta a dheimhniú agus cásanna cearta fostaíochta á bhreithniú aige.

### *Cód cleachtais*

**17.10** Tá *Cód Cleachtais maidir le Stádas Fostaíochta a Dheimhniú* (an Cód) forbartha ag an Roinn, na Coimisinéirí Ioncaim agus an WRC chun cabhrú i gcásanna ina gcaithfear stádas fostaíochta a dheimhniú go foirmiúil. Foilsíodh cód athbhreithnithe i mí na Samhna 2024 i ndiaidh bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí in 2023 sa chás ar a dtugtar cás Karshan de ghnáth.[1] Bhain sé sin le stádas fostaíochta tiománaithe seachadta píotsa chun críocha cánach.

**17.11** Sa bhliain 2022, bhunaigh an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta an Mheitheal um Stádas Fostaíochta a Dheimhniú.[2] Ba é cuspóir na meithle deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara dul i mbun cainte faoi cheist mhí-aicmithe fostaíochta agus plé a dhéanamh ar an acmhainneacht chun córais a fheabhsú trína bhféadfar stádas fostaíochta a dheimhniú. Tháinig deireadh le hobair na meithle i mí Aibreáin 2025 i ndiaidh nuashonrú an Chóid agus fhoilsiú treorach eisithe ag na Coimisinéirí Ioncaim, inar leagadh amach impleachtaí chinneadh Karshan.

**17.12** Leagtar amach sa Chód na critéir agus an treoir atá le breithniú agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil oibrí fostaithe nó féinfhostaithe, ag baint úsáid as creat cúig chéim a leagtar amach i gcás Karshan (féach Fíor 17.1).[3]

**17.13** Tá sé ráite ag an Roinn gur doiciméad beo é an Cód agus go ndéanfar é a nuashonrú de réir mar is gá i leith forbairtí ábhartha (cásdlí nó reachtaíocht) in Éirinn nó san AE.

**17.14** Bíodh is gur doiciméad comhpháirteach idir an Roinn, na Coimisinéirí Ioncaim agus an WRC é an Cód, níl cinntí na n-eagraíochtaí éagsúla ceangailteach ar chinntí na n-eagraíochtaí eile. Feidhmíonn gach eagraíocht laistigh dá creat reachtaíochta féin. Dá bhrí sin, ní gá go dtugann deimhniú stádais fostaíochta i gcomhthéacs amháin an stádas fostaíochta céanna i gcomhthéacs eile.

**17.15** Níl aon taifead ann ar chásanna aonair inar thángthas ar chinntí difriúla i gcomhthéacsanna éagsúla. Dúirt an Roinn go bhfuil cásanna idir oibrithe agus fostóirí, an WRC, na Coimisinéirí Ioncaim nó an Roinn faoi rún agus go mbaineann siad go sonrach le creat reachtaíochta gach eagraíochta.

**17.16** Mar sin féin, tá cineálacha áirithe ról ann ina ndéantar oibrithe a aicmiú ar bhealaí difriúla chun críocha ÁSPC agus cánach ioncaim, de bharr reachtaíochta ar leith nó de bharr chineál na hoibre nó na fostaíochta (féach Iarscríbhinn 17C).

1 Na Coimisinéirí Ioncaim — v — Karshan (Lár na Tíre) Ltd T/A Domino's Pizza [2023] IESC 24.

2 Bhí ionadaithe ón Roinn Coimirce Sóisialaí, ó na Coimisinéirí Ioncaim, ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC), ó cheardchumainn agus ó ionadaithe eile mar chuid den mheitheal.

3 Ó 2022 i leith, nuair nach raibh an Cód ar fáil ach i mBéarla, tá sé ar fáil i nGaeilge agus in ocht dteanga eile chomh maith: Laitvis, Liotuáinis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Rúisis, Spáinnis agus Úcráinis.

**Fíor 17.1 Creat a úsáidtear chun stádas fostaíochta a chinneadh**

| Céim | Breithniú |
|---|---|
| **Pá nó luach saothair** | An bhfuil malartú pá nó luach saothair eile as obair i gceist leis an gconradh? |
| **Seirbhís phearsanta** | An comhaontú é ina bhfuil an t-oibrí ag aontú a sheirbhísí féin, agus ní seirbhísí tríú páirtí, a sholáthar don ghnó? |
| **Rialú** | An bhfuil smacht go leor ag an ngnólacht ar an oibrí chun an comhaontú a dhéanamh ina chomhaontú atá incháilithe mar chomhaontú fostaíochta? |
| **Na cúinsí fostaíochta go léir** | An bhfuil téarmaí an tsocraithe idir an gnólacht agus an t-oibrí — á léirmhíniú i bhfianaise na gcoinníollacha praiticiúla nó na bhfíorchoinníollacha fostaíochta — comhsheasmhach le conradh fostaíochta, nó le cineál eile conartha? |
| **An comhthéacs reachtach** | An bhfuil aon rud sa chóras reachtaíochta ar leith atá á bhreithniú óna dteastaíonn go nglacfaí cur chuige ar leith? |

Foinse: An Cód Cleachtais maidir le Stádas Fostaíochta a Dheimhniú

### *Forbairtí san Aontas Eorpach*

**17.17** Tá deimhniú stádas fostaíochta oibrithe á bhreithniú ar leibhéal Eorpach freisin. I mí Dheireadh Fómhair 2024, foilsíodh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre dóibh siúd atá ag gabháil d'obair ardáin.[1] Is éard is obair ardáin ann ná éileamh agus an soláthar oibre íoctha a mheaitseáil trí ardán ar líne ag baint úsáid as algartam. I measc na ngnáthshamplaí tá seachadadh bia agus seirbhísí tacsaí.

**17.18** Faoi Threoir an AE, ní mór do bhallstáit toimhde dhlíthiúil fostaíochta a bhunú, chun críocha cearta fostaíochta, d'oibrithe ardáin, a chuirfear i ngníomh nuair a aimsítear fíricí áirithe a léiríonn rialú agus treoir. Deimhneofar na fíricí sin de réir an dlí náisiúnta agus na gcomhaontuithe comhchoiteanna, agus cásdlí an AE á chur san áireamh.[2]

**17.19** Féadfaidh daoine atá ag obair trí ardáin dhigiteacha, a n-ionadaithe, nó údaráis náisiúnta an toimhde dhlíthiúil seo a agairt agus a mhaíomh go bhfuil siad mí-aicmithe. Is faoin ardán digiteach é a chruthú nach bhfuil aon chaidreamh fostaíochta ann.

**17.20** Tá dhá bhliain ag na Ballstáit ó dháta na Treorach chun forálacha na Treorach a ionchorprú ina reachtaíocht náisiúnta (i.e. faoi Dheireadh Fómhair 2026). Tá an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta tar éis fógra a thabhairt don Roinn go mbunófar meitheal páirtithe leasmhara chun cabhrú le trasuímh na Treorach.

1 Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin.

2 Cé nach mbaineann an toimhde seo go huathoibríoch le hárachas sóisialach ná le haicmiú cánach, ceadaíonn an Treoir do bhallstáit foráil a dhéanamh ar leithligh don toimhde seo mar ábhar dlí náisiúnta.

## Cad é fairsinge na féinfhostaíochta taifeadta sa Stát?


**17.21** Cuireann an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) meastacháin rialta ar fáil ar líon na ndaoine atá fostaithe, agus a stádas fostaíochta, bunaithe ar shuirbhéanna ráithiúla ar an lucht saothair.[1] Ag deireadh 2024, mheas an CSO go raibh os cionn 2.74 milliún duine fostaithe nó féinfhostaithe i ngeilleagar na hÉireann.

**17.22** Léiríonn sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh go bhfuil thart ar 2.4 milliún duine (87% d'oibrithe) ina bhfostaithe, go bhfuil 236,000 (8.6%) ina n-oibrithe féinfhostaithe gan aon fhostaithe acu, agus go bhfuil 97,000 (3.5%) féinfhostaithe le fostaithe íoctha (féach Fíor 17.2).[2]

1 Is suirbhé leanúnach náisiúnta ar theaghlaigh in Éirinn é an Suirbhé ar an Lucht Saothair, atá ceaptha go príomha chun meastacháin ráithiúla ar an lucht saothair a tháirgeadh, lena n-áirítear na tomhais oifigiúla fostaíochta agus dífhostaíochta sa Stát.

2 Tá daoine aonair ann freisin atá aicmithe mar dhaoine atá ag cabhrú le duine gaoil (0.4%).

**Fíor 17.2 Líon na ndaoine atá ag obair i ngeilleagar na hÉireann, de réir earnála, ráithe 4 2024[a]**





Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Is de réir struchtúr Nomenclature générale des Activités économiques dans les Communautés Européennes (NACE) é an t-aicmiú, arb é an struchtúr aicmithe staidrimh le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Eoraip é. Úsáidfear leagan athbhreithnithe (NACE Athbhreithniú 2.1) ó 2025 ar aghaidh.

b Cuimsíonn gníomhaíochtaí eile cóid NACE R go U: Na healaíona, siamsaíocht agus áineas, gníomhaíochtaí seirbhíse eile, gníomhaíochtaí ag teaghlaigh mar fhostóirí; earraí agus seirbhísí neamhdhifreáilte, gníomhaíochtaí táirgthe dá n-úsáid féin agus gníomhaíochtaí eagraíochtaí agus comhlachtaí seach-chríochacha.

**17.23** Is sa talmhaíocht, san fhoraoiseacht agus san iascaireacht atá an líon is airde d'oibrithe féinfhostaithe (62%), ach tá sé sin laghdaithe ó 71% in 2021. I measc na n-earnálacha eile a bhfuil rátaí féinfhostaíochta réasúnta ard iontu tá an tógáil (29%); gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíocha agus teicniúla (22%); gníomhaíochtaí riaracháin agus seirbhísí tacaíochta (16%) agus iompar agus stóráil (15%). Tá líon réasúnta ard daoine féinfhostaithe (29%) sa chatagóir ghinearálta 'gníomhaíochtaí eile' freisin, féach Fíor 17.3.

**Fíor 17.3** **Rátaí féinfhostaíochta (le fostaithe agus gan fostaithe), de réir earnála, ráithe 4 2024**




Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.


### *Ranníocóirí ÁSPC aicme S*

**17.24** Íocann daoine féinfhostaithe, a bhfuil ioncam bliantúil os cionn €5,000 in aghaidh na bliana acu, ranníocaíochtaí ÁSPC ag aicme S. Meallann tuilleamh stiúrthóirí cuideachtaí áirithe agus baill áirithe d'údarás áitiúil ranníocaíochtaí faoi aicme S freisin. Ina theannta sin, tá ioncam neamhthuillte a fhaigheann cáiníocóirí faoi dhliteanas le haghaidh ranníocaíochtaí aicme S.[1] Ní féidir leibhéal na féinfhostaíochta sa Stát a imdhealú ó líon na ranníocóirí ÁSPC aicme S.

**17.25** B'ionann ranníocóirí ÁSPC aicme S agus 10% de na ranníocóirí ÁSPC uile in 2023 (na sonraí iomlána is déanaí atá ar fáil). Mar léiriú ar na rátaí ranníocaíochta atá measartha níos ísle do ranníocóirí aicme S, níl sna fáltais ranníocaíochta ÁSPC ghaolmhara ach 4.6% de na fáltais ÁSPC uile a bailíodh in 2023.

1 Tagraíonn ioncam neamhthuillte, mar shampla, d'ioncam ó infheistíochtaí agus ó chíos.

**Fíor 17.4 Fáltais ÁSPC féinfhostaithe agus líon ranníocóirí Aicme S, 2012 go 2024[a,b,c]**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:
a Fuarthas fáltais féinfhostaithe ó nóta 1 de ráitis airgeadais an CÁS agus d'fhéadfadh roinnt fáltais ÁSPC aicme K a bheith san áireamh iontu. Tá méid sceideal E bunaithe ar ráta leithdháilte measta.


b Níl líon na ranníocóirí aicme S ar fáil do 2024 go fóill.

c féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2024*, caibidil 24, Bailiú agus leithdháileadh fáltais ÁSPC, ina leagtar amach tréithe ioncam Sceideal D agus Sceideal E.

**17.26** Mhéadaigh líon na ndaoine a aicmíodh le haghaidh ranníocaíochtaí ÁSPC aicme S go measartha idir 2012 agus 2023 (féach Fíor 17.4). Mar sin féin, bhí an méadú idir 2021 agus 2022 sách tapa, ag 10% bliain ar bhliain. Measann an Roinn go raibh sé seo ag teacht leis an téarnamh tapa foriomlán ar ghníomhaíocht gheilleagrach i ndiaidh shrianta Covid-19. Mar sin féin, níor fhás líon na ranníocóirí ÁSPC aicme A (fostaithe) ach 5% sa tréimhse chéanna. I bhfianaise an chúlra eacnamaíoch chéanna, níl na cúiseanna leis an difríocht sna rátaí fáis soiléir.

**17.27** I gcodarsnacht leis na gluaiseachtaí measartha bliain ar bhliain i líon na ranníocóirí aicme S, tá an t-ioncam ÁSPC a thuairiscítear ó ranníocaíochtaí aicme S i bhfad níos athraithí (féach Fíor 17.5). Bíonn meán-ranníocaíochtaí in aghaidh an ranníocóra an-athraitheach freisin, agus tá sé deacair bunús eacnamaíoch soiléir a fheiceáil do na hathruithe bliain ar bhliain.

**Fíor 17.5 Fáltais ÁSPC féinfhostaithe agus líon ranníocóirí Aicme S, 2012 go 2023, innéacsaithe le 2012**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Tá fáltais ranníocaíochta féinfhostaithe mar a tuairiscíodh i nóta 1 de ráitis airgeadais an CÁS.

b D'fhéadfadh roinnt ranníocaíochtaí den aicme K a bheith san áireamh i luach na ranníocaíochtaí féinfhostaithe. Ní féidir fáltais ranníocaíochta féinfhostaithe a imdhealú in aicme S agus aicme K.

**17.28** Léiríonn fáltais ÁSPC an méid a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim gach bliain. D'fhéadfadh sé seo riaráistí dliteanas ÁSPC ó bhlianta roimhe sin, réamh-mheastacháin ar ÁSPC atá dlite don bhliain seo chugainn agus coigeartuithe cothromaíochta le haghaidh dliteanais ÁSPC deiridh a áireamh. Ní fios an dliteanas ÁSPC deiridh do bhliain ar feadh suas le dhá bhliain tar éis bhliain na gníomhaíochta geilleagraí, mar gheall ar uainiú na dtuairisceán féinfhostaithe.[1]

**17.29** Dúirt an Roinn go bhfuil tionchar ag athruithe ar an mbeartas ÁSPC

- ar inathraitheacht fháltais ÁSPC aicme S, amhail síneadh ÁSPC chuig ioncam díolmhaithe roimhe seo do roinnt ranníocóirí ó 2014 ar aghaidh, agus
- an t-aga moille maidir le sonraí a fháil ó thuairisceáin ioncaim féinmheasúnaithe.

### *Sonraí féinmheasúnaithe ioncaim*

**17.30** Ceanglaítear ar dhaoine áirithe clárú leis na Coimisinéirí Ioncaim i gcomhair féinmheasúnú cánach ioncaim agus tuairisceán cánach ioncaim féinmheasúnaithe (Foirm 11) a chomhdú gach bliain. Áirítear leis seo iad siúd atá féinfhostaithe ach freisin cáiníocóirí nach ndéanann trádáil.[2]

**17.31** Baineann na sonraí iomlána is déanaí atá ar fáil de réir earnála leis an mbliain chánach 2022.

1 Is é an 31 Deireadh Fómhair sa bhliain i ndiaidh bhliain an mheasúnaithe an spriocdháta reachtúil chun tuairisceáin cánach ioncaim a chomhdú. Síntear an spriocdháta seo go lár mhí na Samhna gach bliain do cháiníocóirí féinmheasúnaithe a chomhdaíonn agus a íocann a dtuairisceán cánach trí sheirbhísí ar líne na gcoimisinéirí ioncaim.

2 Mar shampla, stiúrthóirí cuideachtaí, iad siúd a fhaigheann ioncam infheistíochta eachtraí nó ioncam cíosa, fostaithe a fheidhmíonn roghanna scaireanna (go dtí deireadh 2023) agus fostaithe a bhfuil pinsin eachtracha acu.

### *Athbhreithniú ar fhoinsí sonraí*

**17.32** Tugtar tásca éagsúla ar leibhéal na féinfhostaíochta sa Stát i bhfaisnéis ón bPríomh-Oifig Staidrimh, ón Roinn, agus ó na Coimisinéirí Ioncaim (féach Fíor 17.6). Bíodh is go bhfuil na tásca ó shonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus na Príomh-Oifige Staidrimh gar dá chéile – difríocht 6% – tá an bhearna idir na sonraí sin agus figiúr ranníocaíochta aicme S i bhfad níos mó. Áirítear leis an líon ranníocóirí aicme S daoine féinfhostaithe agus fáltais ioncaim neamhthuillte araon. Ní mheasann an Roinn sonraí aicme S mar mheastachán ar leibhéil féinfhostaíochta.

**Fíor 17.6 Tásca ar leibhéil féinfhostaíochta**

| Comhlacht stáit | 2022 | Bunús |
|---|---|---|
| Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 318,733 | Aonaid cáiníocóirí a chomhdaigh tuairisceán cánach ioncaim féinmheasúnaithe agus a dhearbhaigh brabús glan nó caillteanas glan ar phainéal ‘ioncam féinfhostaithe’ na foirme.[a] |
| An Phríomh-Oifig Staidrimh[b] | 336,700 | Eachtarshuíomh sonraí a fuarthas ó thorthaí shuirbhé an lucht saothair do R4 2022. |
| An Roinn Coimirce Sóisialaí | 396,408 | Líon na ranníocóirí ÁSPC Aicme S. Áirítear leis sin tuairisceáin ioncaim neamhthuillte chomh maith le hioncam féinfhostaithe. |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus an Phríomh-Oifig Staidrimh.

Nótaí: a Is féidir gur tagairt é aonad cáiníocóra do cháiníocóir aonair nó lánúin phósta atá á measúnú go comhpháirteach chun críocha cánach.

b Ós rud é gur ó 2022 a tháinig na sonraí iomlána is déanaí ó thuairisceáin féinmheasúnaithe na gCoimisinéirí Ioncaim, úsáideadh sonraí ÁSPC na Príomh-Oifige Staidrimh agus na Roinne don tréimhse chéanna.

**17.33** Is féidir sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus na Príomh-Oifige Staidrimh a imdhealú de réir na hearnála geilleagraí, rud chumasaíonn sonraí a chur i gcomparáid ag an leibhéal sin. Faigheann an Roinn sonraí maidir leis an earnáil gheilleagrach de ranníocóirí ÁSPC ó na Coimisinéirí Ioncaim. Mar sin féin, tá an fhaisnéis earnála NACE do go leor de na ranníocaíochtaí ÁSPC aicme S ‘neamhaicmithe’ nó ‘anaithnid’. Tuigtear don Roinn go mbaineann sé seo den chuid is mó le trádálaithe aonair nó feirmeoirí nach bhfuil cód NACE sonraithe acu leis na Coimisinéirí Ioncaim.

**17.34** Chomh maith leis sin, tá baint ag ranníocóirí aicme S a dhéanann tuairisceáin i leith ioncaim phinsin agus infheistíochta leis an earnáil airgeadais. Dá bhrí sin, ní féidir líon na n-oibrithe féinfhostaithe san earnáil sin a chinneadh.

**17.35** D’fhéadfadh easpa faisnéise iomláine agus iontaofa ar líon na ndaoine féinfhostaithe in aghaidh an earnála bac a chur ar chumas na Roinne anailís riosca chruinn a dhéanamh agus gníomhaíocht chomhlíontachta spriocdhírithe a phleanáil go héifeachtach.

**17.36** Tá ráite ag an Roinn, ós rud é go bhfuil a cuid oibre comhlíontachta dírithe ar aicme ÁSPC, go bhfuil na sonraí atá ar fáil maidir le ranníocóirí ÁSPC aicme S leordhóthanach chun anailís riosca a dhéanamh agus le díriú ar an ngníomhaíocht chomhlíontachta sa réimse sin.


## Deimhnithe aicmithe ÁSPC

### *Cinntí na Rannóige Raon Feidhme*

**17.37** Déileálann Rannóg Raon Feidhme na Roinne le gach cinneadh a bhaineann le hinárachas ÁSPC, lena n-áirítear fiosrúcháin faoi stádas fostaíochta do stiúrthóirí cuideachtaí, fostaíochtaí teaghlaigh, comhpháirtíochtaí, státseirbhísigh agus fostaithe sa tseirbhís phoiblí agus sealbhóirí oifige. Pléann an Rannóg Raon Feidhme le fostóirí agus oibrithe, nó a n-ionadaithe, a d'fhéadfadh iarratas a dhéanamh go ndéanfaí imscrúdú ar fhostaíocht lena chinntiú go gcuirtear an aicme cheart ÁSPC i bhfeidhm.

**17.38** Rinne an Rannóg Raon Feidhme cinneadh ar bhreis is 1,700 cás san iomlán in 2024, méadú 15% ar 2023 (1,499 cás), féach Fíor 17.7.

**Fíor 17.7 Cinntí na Rannóige Raon Feidhme 2022 – 2024**





Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

*Cinntí maidir le stádas fostaithe nó féinfhostaithe*

**17.39** Déantar cinntí na Rannóige Raon Feidhme maidir le stádas fostaíochta oibrí ar bhonn cás ar chás, agus cúinsí sonracha an cháis, reachtaíocht ábhartha, cásdlí agus an Cód á gcur san áireamh. Leagtar an próiseas cinnteoireachta amach i Fíor 17.8.

**17.40** Is iad aicmithe aicme A nó aicme S an toradh a bhíonn ar fhormhór na gcásanna stádais fostaíochta a ndéanann an Rannóg Raon Feidhme cinneadh ina leith. Is éard atá i gceist le toradh 'aicme A' ná nuair a chinn an Rannóg Raon Feidhme gur cheart oibrí a aicmiú mar fhostaí chun críocha ÁSPC agus ÁSPC a íoc ag ráta aicme A. Is féidir gur dearbhú stádais fostaíochta é seo i gcás ina raibh an t-oibrí aicmithe cheana féin mar aicme A, nó athrú aicmithe go haicme A. Sa bhliain 2024, cinneadh 357 cás — go foirmiúil nó go neamhfhoirmiúil — a bhain le stádas aicme A nó aicme S.

**Fíor 17.8 Próiseas cinnteoireachta na Rannóige Raon Feidhme**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Curtha le chéile ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:
a Is é an INS1 an 'foirm chun fostaíocht nó féinfhostaíocht a dheimhniú' a chláraíonn príomhthosca maidir le socruithe oibre duine aonair.

b Beidh an chéim seo críochnaithe cheana féin ag Cigire Leasa Shóisialaigh an ESIU i gcás ina dtionscnaíonn an ESIU an cás. Cuirtear an fhoirm INS1 chomhlánaithe ar fáil don Oifigeach Breithiúnachta.


c Ullmhaíodh teimpléad nua bunaithe ar an gcreat cúig chéim (féach Fíor 17.1) atá leagtha amach i gcás Karshan agus sa Chód. Úsáidtear an teimpléad seo agus an meamram á ullmhú.

d 21 lá a bhí i gceist anseo roimhe. Méadaíodh é go 60 lá ó Aibreán 2025 faoi IR 744 de Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Achomhairc), 2024.

**17.41** Chomh maith le cinntí foirmiúla maidir le cinneadh fostaíochta, déanann an Rannóg Raon Feidhme cinntí neamhfhoirmiúla freisin, gan imscrúdú iomlán. Tarlaíonn cinntí neamhfhoirmiúla nuair a dheimhnítear go bhfuil an aicme reatha ceart, nó nuair a tharlaíonn athaicmiú le comhaontú na bpáirtithe ar fad. Féadfaidh an fostóir nó an t-oibrí athbhreithniú iomlán ar raon feidhme a iarraidh mura bhfuil siad sásta leis an gcinneadh neamhfhoirmiúil.

**17.42** Tháinig méadú suntasach ar líon na gcinntí neamhfhoirmiúla a eisíodh in 2024. (Féach Fíor 17.9). Bhain formhór na gcinntí sin (217 as 282) le cinntí neamhfhoirmiúla a d'eascair as athbhreithniú ar stádas fostaíochta oibrithe ag RTÉ.[1]

**Fíor 17.9 Cinntí agus torthaí maidir le hAicme i gcoinne Aicme S, 2019 – 2024**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Baineann 'Eile' le cinntí foirmiúla ina gcinntear aicme ÁSPC eile.


**17.43** Rinne an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú ar shampla de chásanna na Rannóige Raon Feidhme a cinneadh in 2024 agus fuarthas amach gur coinníodh an cháipéisíocht agus an réasúnaíocht leis na cinntí a rinneadh agus go raibh rochtain orthu ar an gcóras TF. Mar sin féin, i gcásanna nár lean ar aghaidh go dtí cinneadh foirmiúil, ba dheacair bunús an chinnidh gan dul ar aghaidh a aithint ón gcáipéisíocht a bhí ar comhad.

**17.44** Dúirt an Roinn gur cur chuige iomchuí é seo a thacaíonn le cinnteoireacht thráthúil i gcásanna a mheastar a bheith 'glansoiléir', ós rud é gur féidir le duine lena mbaineann (fostóir nó oibrí) atá míshásta leis an toradh cinneadh foirmiúil a lorg.

**17.45** As na 357 cinneadh stádais fostaíochta a rinneadh in 2024, aicmíodh formhór acu ar dtús mar Aicme S (349 cás). Rinneadh athaicmiú ar 11% díobh sin, agus deimhníodh gur Aicme S a bhí i 89% díobh (féach Fíor 17.10).

1 Dúirt an Roinn gur tugadh breis is 500 imscrúdú stádais fostaíochta a bhain le hoibrithe in RTÉ chun críche, agus gur íocadh €3.8 milliún san iomlán i riaráistí ÁSPC. Tá breis is 150 cás ar siúl i gcónaí.

**Fíor 17.10 Toradh cásanna ÁSPC Aicme S de chuid na Rannóige Raon Feidhme, 2024**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí


Nóta: a Áirítear cás amháin a athaicmíodh go ÁSPC aicme J.

### *Achomhairc*

**17.46** Is féidir achomharc a dhéanamh chuig an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh i gcoinne cinntí foirmiúla ón Rannóg Raon Feidhme ag an oibrí nó ag an bhfostóir.[1] Sa tréimhse 2020 – 2024, rinneadh achomharc bliantúil chuig an Oifig Achomhairc i gcoinne 77 cinneadh ón Rannóg Raon Feidhme ar an meán (féach Fíor 17.11).

**17.47** Tá sé deacair sonraí torthaí achomhairc a léirmhíniú. Ní bhailítear faisnéis faoi thoradh achomhairc ar líon na gcásanna a bhaineann go sonrach le cinneadh aicme ÁSPC. De ghnáth, bailítear na torthaí agus foilsítear iad ar bhonn cé acu ar ceadaíodh an t-achomharc (go hiomlán nó go páirteach) nó ar diúltaíodh dó. Mar sin féin, d'fhéadfadh fostóir nó fostaí an t-achomharc a dhéanamh, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh sé ag cur i gcoinne cinneadh maidir le hathrú nó daingniú aicmithe ÁSPC.

**Fíor 17.11 Achomhairc ceadaithe agus neamhcheadaithe ag an Rannóg Raon Feidhme[a]**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí:
a Áirítear leis seo achomhairc i ndáil le ranníocaíochtaí modhnaithe (IR 312 de 1996), fostaíocht eiscthe, ranníocaíochtaí deonacha agus ranníocaíochtaí ar iarraidh sa bhreis ar na cinn a bhaineann le féinfhostaíocht.
b Áirítear le hachomharc ceadaithe cásanna ina gceadaítear an t-achomharc, ina gceadaítear go páirteach é, nó ina ndearna réimse na scéime cinneadh athbhreithnithe.

## Gníomhaíocht chomhlíontachta chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le mí-aicmiú stádais fostaíochta

**17.48** Tá roinnt céimeanna glactha ag an Roinn go sonrach chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol go ndéanfaí mí-aicmiú ar oibrithe de réir ÁSPC agus chun go bhféadfar imscrúduithe níos spriocdhírithe a dhéanamh.

### *Aonad Imscrúdaithe Stádais Fostaíochta*

**17.49** Bunaíodh an tAonad Imscrúdaithe Stádais Fostaíochta (ESIU) in 2019 agus tá sé tiomanta d'imscrúdú a dhéanamh ar mhí-aicmiú ÁSPC.[2] Tá fás suntasach tagtha ar an Aonad ó 2019, nuair a bhí seisear cigirí leasa shóisialaigh sannta don Aonad. Tá 18 gcigire leasa shóisialaigh sannta don Aonad anois, atá lonnaithe ar fud réigiúin uile na Roinne.[3]

**17.50** Bíodh is go ndéanann an Rannóg Raon Feidhme imscrúdú ar chásanna ar iarratas nó ar fhógra a fháil, déanann an ESIU gníomhaíocht chomhlíontachta go réamhghníomhach chun a fháil amach an bhfuil aon réimsí nó earnálacha ar leith ann inar féidir mí-aicmiú a bheith ag tarlú.

**17.51** Féadfaidh cigire leasa shóisialaigh de chuid ESIU fostóir a chur ar an eolas má chreideann sé/sí gur cheart athaicmiú ÁSPC a dhéanamh. Mura n-aontaíonn an fostóir nó an t-oibrí, féadfaidh siad a iarraidh go ndéanfaidh an Rannóg Raon Feidhme cinneadh foirmiúil. De ghnáth, déanfaidh an ESIU aon chásanna atá doiléir nó níos casta a atreorú chuig an Rannóg Raon Feidhme. Tharchuir an ESIU 68 cás chuig an Rannóg Raon Feidhme in 2024.

1 Faoi na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Achomhairc), 2024, féadfaidh aon duine atá míshásta le cinneadh foirmiúil a dhéanann oifigeach breithiúnachta achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin laistigh de 60 lá ó dháta an chinnidh.

2 Déileálann an ESIU le gach mí-aicmiú ÁSPC. Mar shampla, chomh maith le cásanna aicme A/aicme S, rinne an ESIU tionscadal in 2024 chun athbhreithniú a dhéanamh ar aicmiú daoine aonair mar aicme M laistigh de chomhpháirtíocht ó 2009 – 2024.

3 Ceaptar cigirí leasa shóisialaigh faoi alt 250 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005.

*Tionscadail agus próiseas imscrúdaithe ESIU*

**17.52** Dúirt an Roinn go nglacann an ESIU cur chuige tionscadalbhunaithe chun cásanna a roghnú le haghaidh imscrúdaithe. Is féidir tionscadail a roghnú bunaithe ar shaincheisteanna a tugadh faoi deara ó athbhreithnithe nó ó fhógraí ó aonaid nó ó pháirtithe leasmhara eile.

**17.53** Is féidir le tionscadal díriú ar fhostóir nó ar chineál tionscail ar leith. Féadfaidh foireann ESIU cuairt a thabhairt ar shuíomh fostóra aitheanta (fógartha nó gan fógra) agus liosta conraitheoirí a iarraidh. Nó is féidir sampla cásanna a roghnú ó raon suíomhanna le haghaidh cineál tionscail ar leith.


**17.54** De ghnáth, déanfaidh an fhoireann ESIU athbhreithniú ar shampla de 10% d'fhoireann fostóra, nó 10% d'fhostóirí tionscail roghnaithe ar leith in aghaidh an réigiúin, chun léiriú a thabhairt ar cé acu atá nó nach bhfuil an aicmiú ceart ÁSPC á chur i bhfeidhm. Cinnfidh sé seo an bhfuil gá le tuilleadh imscrúdaithe.

**17.55** Osclaítear agus cuirtear imscrúduithe ESIU ar aghaidh ar chóras sreafa oibre na Roinne agus taifeadtar sonraí faoi chásanna aonair agus stádas an imscrúduithe. Úsáidtear scarbhileog staitisticí inmheánach mar an phríomhuirlis chun stádas cásanna a mhonatóiriú ar leibhéal foriomlán, agus as sin a dhíorthaítear uimhreacha na n-aonad agus na sonraí.

*Gníomhaíocht chomhlíontachta an ESIU*

**17.56** Tá sé ráite ag an Roinn gur athbhreithnigh an ESIU breis is 1,500 gnólacht agus breis is 5,600 oibrí ó bunaíodh í in 2019 go dtí deireadh 2024. Tá méadú tagtha ar an leibhéal gníomhaíochta agus ar an méid riaráistí a taifeadadh, agus breis is €1 mhilliún i riaráistí ÁSPC aitheanta in 2024 (féach Fíor 17.12).


**Fíor 17.12** **Imscrúduithe ESIU críochnaithe, agus riaráistí taifeadta, 2019 – 2024**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

**17.57** Le linn 2024, d'oscail an ESIU cásanna i ndáil le 831 fostóir agus 3,531 fostaí i 11 earnáil tionscail éagsúla. Tugtar leFíor 17.13 miondealú ar na cásanna a osclaíodh de réir earnála in 2024.

**Fíor 17.13 Imscrúduithe ESIU a osclaíodh, de réir earnála agus stádais fostaíochta, 2024[a]**




Roinn: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Bíodh is gur nuashonraigh an ESIU miondealú na n-earnálacha in 2022 chun go mbeadh sé níos ailínithe le haicmiú NACE, tá roinnt difríochtaí ann i gcónaí.

**17.58** Críochnaíodh imscrúduithe ESIU do 724 fostóir agus 3,373 fostaí in 2024, rud a d'eascair as 379 athaicmiú fostaithe (11%). Ba ó aicme M (ranníocaíochtaí nialasacha) go haicme A (348) a rinneadh formhór na n-athaicmithe in 2024 mar thoradh ar thionscadal a dhírigh ar chomhpháirtíochtaí. Athaicmíodh sé chás ó aicme S go haicme A.

**17.59** Áiríodh leis an scrúdú seo athbhreithniú ar shampla de 25 cás ESIU a dúnadh in 2024 i measc earnálacha agus catagóirí éagsúla. Sonraíodh gur coinníodh cáipéisíocht leordhóthanach ar an gcomhad i bhformhór na gcásanna, go háirithe i gcásanna inar gá athaicmiú a dhéanamh nó inar cuireadh an cás chuig an Rannóg Raon Feidhme. Mar sin féin, i gcás nár taifeadadh cinneadh nó nár rinneadh aon athaicmiú, bhí easpa cáipéisíochta ar comhad chun tacú leis an toradh nó chun é a mhíniú.

**17.60** Bíodh is go leagann an t-ábhar treorach d'fhoireann ESIU amach liosta de na seiceálacha atá le cur i gcrích mar chuid den mheasúnú tosaigh, tá sé deacair a fháil amach, ón bhfaisnéis atá coinnithe ar na comhaid, an ndearnadh na seiceálacha seo i ndáiríre. Tá sé deacair freisin an cinneadh maidir le stádas fostaíochta a rianú ón aicme bhunaidh go dtí an aicme athbhreithnithe ón bhfaisnéis atá á coinneáil ar chóras TF an Aonaid.


**17.61** Tá sé ráite ag an Roinn, mar aon leis an seasamh i gcásanna neamhfhoirmiúla faoin rannóg raon feidhme, gur cur chuige iomchuí é seo, toisc gur féidir cinneadh foirmiúil a lorg i ngach cás.

*Próiseas athaicmithe ESIU agus riaráistí*

**17.62** Le linn imscrúdaithe, féadfaidh fostóir glacadh le measúnú an ESIU agus oibrithe mí-aicmithe a aistriú gan riachtanas cinneadh ón Rannóg Raon Feidhme.

**17.63** Ó 2019 go deireadh 2024, chinn cigirí ESIU nach raibh athaicmiú ná cinneadh foirmiúil ag teastáil i ndáil le 84% de na fostaíochtaí a roghnaigh siad le haghaidh athbhreithnithe. Mhol siad go ndéanfaí athaicmiú ar 556 fostaí (10%) (féach Fíor 17.14). Díobh seo, athaicmíodh 546 mar aicme A, agus aistríodh 154 díobh seo ó aicme S (féinfhostaithe) go haicme A (fostaí). Cuireadh an 6% eile de chásanna faoi bhráid na Rannóige Raon Feidhme le haghaidh cinneadh foirmiúil.


**Fíor 17.14 Torthaí gníomhaíochta comhlíontachta ESIU, 2019 – 2024**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**17.64** B'ionann iomlán na riaráistí a sainaithníodh trí imscrúduithe ESIU in 2023 agus 2024 agus €1.9 milliún. Bhí beagnach €1.2 milliún i riaráistí, nó 63% den mhéid iomlán, san earnáil meán, ealaíon agus siamsaíochta, féach Fíor 17.15. Léiríodh na meánriaráistí is airde in aghaidh an cháis freisin san earnáil (meán €21,748 thar 55 cás).

**Fíor 17.15 Riaráistí ÁSPC de réir earnála, 2023 agus 2024**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Áirítear le 'Eile' dáileadh agus iompar, sláinte agus folláine, oideachas, leigheas agus déantúsaíocht.

**17.65** Nuair a bhíonn riaráistí dlite, eisíonn an ESIU fógra comhlíontachta chuig an bhfostóir ina bhfuil miondealú ar na riaráistí atá dlite. Déanann an cigire leasa shóisialaigh an méid sin a ríomh de láimh.

**17.66** Is iad na Coimisinéirí Ioncaim an gníomhaire bailithe don chuid is mó de na ranníocaíochtaí ÁSPC, lena n-áirítear riaráistí ranníocaíochtaí ó fhostóirí a eascraíonn as athaicmiú oibrithe.[1]

**17.67** Is é freagracht an fhostóra ar an gcéad dul síos an cháin ioncaim, an muirear sóisialach uilíoch (USC) agus an ÁSPC ceart a asbhaint dá bhfostaithe agus aon earráidí a cheartú. Nuair a shainaithníonn an Roinn dliteanas ÁSPC, moltar don fhostóir a thaifead aighneachta párolla a cheartú iad féin trí Sheirbhísí Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim agus an méid atá dlite a íoc. I gcásanna nach ndéanann an fostóir féincheartú, cuireann an Roinn na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoi na leasuithe ar an aicme ÁSPC agus faoi mhéid an ÁSPC breise atá dlite.

**17.68** Tá sé ráite ag na Coimisinéirí Ioncaim, ó 2019 i leith, agus i gcomhréir leis an reachtaíocht, nach ndéanann a bhfoireann taifid phárolla a leasú ná a cheartú a thuilleadh d'fhostóirí le haghaidh tréimhsí cánach a thosaíonn ar an 1 Eanáir 2019 nó dá éis.[2,3] Dá bhrí sin, ní ardaíonn na Coimisinéirí Ioncaim dliteanas ÁSPC i leith riaráistí atá dlite i gcásanna nach ndéanann an fostóir an taifead a cheartú iad féin. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil líon na gcásanna den sórt sin sách beag, agus go bhfuil leibhéal íseal riaráistí aitheanta le bailiú. Aithníodh trí chás in 2024, le luach iomlán €27,480.

1 Is féidir leis an Roinn riaráistí a bhailiú go díreach freisin.

2 Ó tugadh isteach tionscadal nuachóirithe cánach ioncaim 'Íoc Mar a Thuillir' (ÍMAT) in 2019. Don tréimhse ón 1 Eanáir 2019 ar aghaidh, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim airgead a bhailiú nuair a dhéanann fostóirí féincheartú ar a n-aighneachtaí párolla chun léiriú a dhéanamh ar chinneadh na Roinne.

3 I gcás ina n-aithníonn cigire de chuid na Roinne dliteanais bhreise, níl an chumhacht reachtach ag na Coimisinéirí Ioncaim measúnú ioncaim a ardú. Is é nós imeachta na gCoimisinéirí Ioncaim i gcásanna den sórt sin ná aitheantas a thabhairt ar fháil an atreoraithe agus a dheimhniú don Roinn nach féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim an taifead a leasú le haghaidh tréimhsí cánach a thosaíonn tar éis 2019.

### *Gníomhaíocht chomhlíontachta — clúdach, tuairisciú agus tionchar*

**17.69** Tá sé ráite ag an Roinn nach bhfuil aon mheastachán ar fáil ar an gcaillteanas iomlán féideartha de ranníocaíochtaí ÁSPC mar gheall ar mhí-aicmiú stádais fostaíochta laistigh den Stát. Mar gheall ar nádúr aonair gach cáis agus raon na n-earnálacha tionscail, ní mheastar gur féidir meastachán den sórt sin a dhéanamh.

**17.70** Bíodh is go bhfuil méadú mór tagtha ar líon na n-earnálacha a ndearna an ESIU imscrúdú orthu le blianta beaga anuas, b'athbhreithnithe spriocdhírithe iad seo den chuid is mó, agus ní ghlactar le cur chuige randamach go hiomlán. Chuirfeadh clár athbhreithnithe randamacha ar aicmiú ÁSPC ar chumas na Roinne meastacháin iontaofa a bhunú ar mhéid an mhí-aicmithe ar stádas fostaíochta agus ar na ranníocaíochtaí caillte gaolmhara chuig an CÁS.[1]

**17.71** Tá sé ráite ag an Roinn nach mbeadh próiseas roghnúcháin go hiomlán randamach éifeachtach mar go n-áireofaí leis earnálacha ina bhfuil seans maith go mbeidh minicíocht mhí-aicmithe thar a bheith íseal. Dúirt sé freisin gurb é an cur chuige is éifeachtaí ná an oiread sonraí agus is féidir a fháil trí raon leathan tionscal, earnálacha agus suíomhanna geografacha a chlúdach.

**17.72** Trína gníomhaíocht chomhlíontachta sa réimse seo ó 2019 i leith, tá leibhéil ísle neamhchomhlíontachta tuairiscithe ag an Roinn agus fuarthas amach, i gcás ina n-aithnítear mí-aicmiú, gur gnách go mbíonn sé mar gheall ar mhíthuiscint seachas mí-aicmiú d'aon ghnó.

**17.73** Tuairiscíonn an Rannóg Raon Feidhme sonraí faoin ráta imréitigh cinntí agus na torthaí i gcoinne sprioc feidhmíochta ar bhonn míosúil. I gcodarsnacht leis sin, níl aon tuairisciú foirmiúil den chineál céanna ón ESIU. Dúirt an Roinn go bhfuil sprioc aonair ag gach cigire ESIU a ndéantar monatóireacht uirthi agus go gcomhaontaítear spriocanna bliantúla ESIU le rannán rialaithe na Roinne mar chuid de na spriocanna bliantúla rialaithe agus coigiltis. Dúradh freisin go ndéanann an rannán rialaithe tuairisciú agus taifeadadh ar ghníomhaíocht ESIU mar chuid dá tuarascálacha míosúla agus go dtuairiscítear don bhord bainistíochta í gach ráithe.

**17.74** Ceadaíonn an rannóg ESIU cásanna níos spriocdhírithe a chur ar aghaidh chuig an Rannóg Raon Feidhme le haghaidh cinnidh. Mar sin féin, is iad Oifigigh Bhreithiúnachta a dhéanann an cinneadh agus tá siad faoi cheangal, de réir dlí, gníomhú go neamhspleách agus iad i mbun a bhfeidhmeanna.

**17.75** Tá méadú tagtha ar na riaráistí ÁSPC a taifeadadh (mar thoradh ar chásanna ESIU) gach bliain ó 2019 i leith, agus beagnach €3.9 milliún taifeadta go dtí deireadh 2024 ó 5,662 cás aonair. Dúirt an Roinn go raibh €2.3 milliún (59%) aisghafa go hiomlán faoi dheireadh 2024 agus go bhfuil pleananna aisghabhála i bhfeidhm don chuid is mó den iarmhéid.

1 Féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2021*, caibidil 14, Aicmiú oibrithe chun críocha ÁSPC.

### *Obair chomhlíontachta mí-aicmithe lasmuigh den ESIU*

**17.76** Chomh maith le foireann an ESIU, oibríonn thart ar 340 cigire leasa shóisialaigh eile in aonaid eile ar fud na Roinne. I gcás ina ndéanann cigirí leasa shóisialaigh imscrúduithe stádais fostaíochta, cuirtear a dtuarascálacha faoi bhráid na Rannóige Raon Feidhme le haghaidh cinnidh. I gcás ina n-éiríonn imscrúdú áitiúil casta nó i gcás ina bhfuil seans ann go mbeidh tionscadal ar scála níos mó mar thoradh air, féadfaidh an cigire leasa shóisialaigh a iarraidh ar an ESIU imscrúdú a dhéanamh.

## Gníomhaíocht chomhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim

**17.77** I ndiaidh bhreithiúnas Karshan, d'fhoilsigh na Coimisinéirí Ioncaim treoir nuashonraithe ina leagtar amach príomhghnéithe an bhreithiúnais agus a himpleachtaí do ghnólachtaí a fhostaíonn fostaithe, oibrithe, conraitheoirí nó fochonraitheoirí. Cuireann na Coimisinéirí Ioncaim cur chuige rioscabhunaithe i bhfeidhm maidir le bainistíocht chomhlíontachta. Roghnaítear cáiníocóirí le haghaidh idirghabháil chomhlíontachtachta ag baint úsáid as modheolaíochtaí éagsúla atá bunaithe ar riosca, lena n-áirítear córas meastóireachta riosca agus próifílithe na gCoimisinéirí Ioncaim.[1] Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil cineál aon idirghabhála a dhéantar bunaithe ar na rioscaí sonracha a sainaithníodh, agus ar iompar an cháiníocóra lena mbaineann.

**17.78** Tugann na Coimisinéirí Ioncaim faoi 'chuairteanna lasmuigh' suntasacha faoi chúram a nAonaid Chomhpháirtigh Imscrúduithe.[2] Ó 2022 go Márta 2025, bhí breis is 12,000 cuairt lasmuigh déanta ar fud earnálacha éagsúla. Mar thoradh ar na cuairteanna a rinneadh, aithníodh 1,402 oibrí mar oibrithe nach raibh cláraithe (roimhe seo), agus athaicmíodh 34 oibrí mar fhostaithe.

**17.79** Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim gur tugadh 3,500 cuairt ar láithreáin tógála, agus gur reáchtáladh agallaimh le 7,893 oibrí. As na hagallaimh sin, aithníodh 210 oibrí (2.7%) mar neamhchláraithe, agus athaicmíodh 19 oibrí (0.2%) mar fhostaithe. Tá sé ráite ag na Coimisinéirí Ioncaim go mbeidh sonraí comhchosúla maidir le cuairteanna ar earnálacha eile ar fáil don bhliain 2025 ar aghaidh.

**17.80** I mí na Samhna 2023, bhunaigh na Coimisinéirí Ioncaim Grúpa Stiúrtha Tras-Rannáin um an nGeilleagar Dubh.[3] Soláthraíonn sé seo fóram le haghaidh comhoibriú feabhsaithe trasna rannáin laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil lena gcur chuige i leith riosca ghníomhaíocht an gheilleagair dhuibh.

## Conclúidí agus moladh

**17.81** Is féidir go mbeadh sé mar thoradh ar mhí-aicmiú stádais fostaíochta nach bhfaighidh an duine na sochair árachais shóisialaigh a bhfuil sé i dteideal iad a fháil agus ranníocaíochtaí caillte leis an gCiste Árachais Shóisialaigh. Is féidir go mbeadh méideanna an-difriúil á gcur leis an gCiste mar thoradh ar aicmiú oibrí chun críocha ÁSPC in aicme A (riachtanach do fhormhór na bhfostaithe) nó in aicme S, a chumhdaíonn formhór na ndaoine féinfhostaithe.

1 Féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2023*, caibidil 20, Comhlíontacht cáiníocóirí a chinntiú.

2 Is é ról Aonad Comhpháirteach Imscrúduithe na gCoimisinéirí Ioncaim idirghabhálacha comhlíontachta a dhéanamh i neamhchomhlíonadh agus calaois cánach agus ÁSPC, lena n-áirítear stádas fostaíochta oibrithe, agus aghaidh a thabhairt ar earnálacha ina dtugann faisnéis le fios go bhfuil gníomhaíocht an gheilleagair dhuibh ann. Oibríonn an t-aonad go rialta leis an Roinn.

3 Earcaítear baill ó gach rannán oibríochtúil chomh maith le Rannán Beartas agus Reachtaíocht Cánacha Pearsanta na gCoimisinéirí Ioncaim agus Rannán an Ard-Chuntasóra agus na Pleanála Straitéisí.

### *Sainmhínithe atá ag athrú i gcónaí ar stádas fostaíochta*

**17.82** Níl aon sainmhíniú foirmiúil ar fhostaí ná ar oibrí féinfhostaithe i reachtaíocht na hÉireann ná i reachtaíocht an AE. Mar sin féin, forbraíodh creat chun stádas fostaíochta oibrí a dheimhniú ó chásdlí.

**17.83** Tugann an *Cód Cleachtais maidir le Stádas Fostaíochta a Dheimhniú* treoir d'fhostóirí agus do dhaoine aonair maidir leis na tosca a chuirtear san áireamh agus cinneadh á dhéanamh. Nuashonraíodh an Cód in 2024 agus leagtar amach ann creat reatha atá le leanúint, bunaithe ar bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí in 2023 i gcás Karshan.

**17.84** Tá na formáidí faoina mbíonn oibrithe ag obair ag athrú mar thoradh ar fhorbairt teicneolaíochtaí ar líne. Áirítear leis sin, go háirithe, forbairt oibrithe 'ardáin'. Tá reachtaíocht ag athrú ar leibhéal an AE agus ar leibhéal náisiúnta araon mar fhreagairt ar na hathruithe sin.

### *Tuiscint a fháil ar threochtaí i stádas fostaíochta agus i dtuilleamh*

**17.85** Is é an príomhriosca a bhaineann le bailiú ranníocaíochtaí ÁSPC a chur i gcrích ná go gcinnteoidh an Roinn go ndéanfar oibrithe atá aicmithe go mícheart mar aicme S (le rátaí ranníocaíochta árachais shóisialaigh iomlána níos ísle) a shainaithint go tapa agus a athaicmiú chuig an aicme cheart ag an ráta níos airde (aicme A den chuid is mó). D'fhéadfadh mí-aicmiú oibrithe chun críocha ÁSPC ar scála suntasach iomaíocht in earnálacha eacnamaíocha áirithe a shaobhadh freisin.

**17.86** Faigheann an Roinn sonraí ÁSPC ó na Coimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear faisnéis faoin earnáil eacnamaíoch. Mar gheall ar theorainneacha na sonraí atá ar fáil, ní féidir leis an Roinn anailís a dhéanamh ar fháltais aicme S de réir stádas fostaíochta an ranníocóra, de réir cineál ioncaim (tuillte nó neamhthuillte), ná de réir na hearnála ina n-oibríonn ranníocóirí aicme S. Tá faisnéis níos fairsinge ag na Coimisinéirí Ioncaim, a bhailíonn formhór na ranníocaíochtaí ÁSPC, ar na hearnálacha eacnamaíocha ina bhfuil cáiníocóirí ann go príomha.

**17.87** Déanann an Roinn gníomhaíocht chomhlíontachta maidir le ranníocaíocht ÁSPC atá dírithe ar earnálacha eacnamaíocha áirithe. Chun go mbeadh brí agus éifeacht leis sin, ba cheart go mbeadh sé bunaithe ar anailís riosca eolasach, agus tuiscint chruinn ar leibhéal na féinfhostaíochta i ngach earnáil mar bhonn leis.

**17.88** Le sonraí staitistiúla níos fearr faoi ranníocaíochtaí aicme S, bheadh an Roinn in ann anailís fheabhsaithe a dhéanamh ar threochtaí agus measúnú riosca, agus gníomhaíocht chomhlíontachta stádais fostaíochta spriocdhírithe níos éifeachtaí a phleanáil. Thacódh sé freisin le níos mó trédhearcachta maidir le fáltais ranníocaíochta aicme S.

**Moladh 17.1**

Chun críocha anailíseacha, agus chun cabhrú le díriú ar ghníomhaíocht chomhlíontachta, ba cheart don Roinn scrúdú a dhéanamh ar an raon feidhme atá ann chun faisnéis níos iomláine a fháil ar na hearnálacha eacnamaíocha, an fhoinse agus an cineál ioncaim atá ina chúis le ranníocaíochtaí ÁSPC aicme S.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta**

Aontaítear leis.

Leanfaidh an Roinn ag obair go dlúth leis na Coimisinéirí Ioncaim trí struchtúir rannpháirtíochta atá ann cheana féin, amhail an Grúpa Ardleibhéil, chun scrúdú a dhéanamh ar an raon feidhme atá ann chun faisnéis níos mionsonraithe a mhalartú maidir leis an bhfoinse agus leis an gcineál ioncaim atá ina chúis le ranníocaíochtaí ÁSPC aicme S.

**Amlíne le haghaidh Cur i bhFeidhm**

R3 2026.

### *Gníomhaíocht atá dírithe ar chomhlíontacht*

**17.89** Bunaíodh an tAonad Imscrúdaithe Stádais Fostaíochta (ESIU) in 2019 agus tá sé tiomanta d’aicmiú árachais shóisialaigh oibrithe a imscrúdú. Tá méadú seasta tagtha ar ghníomhaíocht an aonaid, agus osclaíodh 831 cás fostóra agus 3,531 cás aonair in 2024, trasna 11 earnáil tionscail. Bhí líon suntasach athaicmithe ESIU mar thoradh ar na hathbhreithnithe sin — athaicmíodh 11% de na fostaithe a ndearnadh athbhreithniú orthu in 2024 go haicme A, a bhfuil an leibhéal ranníocaíochta is airde aici.

**17.90** B'ionann iomlán na riaráistí ÁSPC a sainaithníodh trí imscrúduithe ESIU, óna bhunú go dtí deireadh na bliana 2024, agus €3.9 milliún. Dúirt an Roinn go raibh €2.3 milliún de na riaráistí a sainaithníodh bailithe faoi dheireadh 2024.

**17.91** Tá córas ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim curtha ar bun, i gcomhréir leis an reachtaíocht, ionas go nglacann an fostóir freagracht as a dtaifead a leasú (agus aon riaráistí a íoc) nuair a aithnítear ganníocaíocht. De réir na reachtaíochta, ní féidir ach leis an bhfostóir leasuithe a dhéanamh ar aighneachtaí párolla. I gcás nach dtarlaíonn sé sin, ní féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim an dliteanas a shainaithin an Roinn tar éis athaicmithe a bhailiú. Mar sin féin, is féidir leis an Roinn an dliteanas a shaothrú agus a bhailiú.

**17.92** Osclaítear agus cuirtear chun cinn imscrúduithe ESIU ar chóras sreafa oibre na Roinne. Déantar staitisticí ar stádas chásanna ESIU a rianú de láimh agus a thaifeadadh ag baint úsáid as scarbhileog Excel. D’fhéadfadh earráidí nó cailliúint faisnéise a bheith mar thoradh ar thaifeadadh faisnéise ar scarbhileog neamhspleách, nach bhfuil comhtháite in aon chóras.

**17.93** Pléann Rannóg Raon Feidhme na Roinne le gach cinneadh a bhaineann le hinárachas ÁSPC, lena n-áirítear deimhniú stádais fostaíochta. Stóráiltear an t-imscrúdú ar chóras TF na Roinne. Bhí cáipéisíocht agus réasúnaíocht leordhóthanach le haghaidh cinntí soiléir inaitheanta i bhformhór na gcásanna foirmiúla a ndearna an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú orthu. Mar sin féin, i gcás cásanna ESIU agus Raon Feidhme araon, nuair nach ndearnadh imscrúdú nó nuair nach ndearnadh aon athrú (rud a chuimsíonn formhór na gcásanna), is deacra an réasúnaíocht atá leis seo a thuiscint ón bhfaisnéis atá taifeadta ar an gcóras.

## Iarscríbhinn 17A Aicmí ÁSPC agus rátaí ranníocaíochta (ó Dheireadh Fómhair 2024)

| Aicme ÁSPC | Cur síos | Ráta aonair[a] | Ráta fostóra[a] |
|---|---|---|---|
| A | Daoine idir 16 bliana d'aois agus aois phinsin atá 66 bliana d'aois faoi láthair, atá fostaithe faoi chonradh seirbhíse agus a bhfuil pá ináirithe €38 nó níos mó acu sa tseachtain ó gach fostaíocht chomh maith le fostaithe sa tseirbhís phoiblí agus státseirbhísigh a earcaíodh ón 6 Aibreán 1995.[b] | 4.10% | 11.15% |
| B | Státseirbhísigh bhuana agus inphinsin, dochtúirí agus fiaclóirí cláraithe atá fostaithe sa státseirbhís agus Gardaí a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995. | 4.10% | 2.11% |
| C | Oifigigh choimisiúnaithe de chuid Óglaigh na hÉireann agus baill de Sheirbhís Altranais an Airm a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995. | 4.10% | 1.95% |
| D | Fostaithe buana agus inphinsin sa tseirbhís phoiblí, seachas iad siúd a luaitear in Aicmí B agus C, a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995. | 4.10% | 2.45% |
| E | Ministrí Reiligiúin atá fostaithe ag comhlacht Ionadaíoch Eaglais na hÉireann. Íoctar ÁSPC faoin gCóras Bailithe Speisialta de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí.[c] | 3.43% | 6.97% |
| H | Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe (NCOnna) agus pearsanra liostáilte de chuid Óglaigh na hÉireann. | 4% | 10.45% |
| J | Baineann sé seo le formhór na ndaoine a bhfuil pá ináirithe níos lú ná €38 sa tseachtain acu ó gach fostaíocht. Mar sin féin, tá líon beag fostaithe inárachaithe ag Aicme J is cuma cé mhéad a thuilleann siad.[d] | Nialasach | 0.60% |
| K | Sealbhóirí oifige poiblí áirithe, i gcás ina bhfuil a n-ioncam os cionn €5,200 sa bhliain.<br>Tá ranníocóirí ráta modhnaithe (mar shampla, fostaithe sa tseirbhís phoiblí agus státseirbhísigh a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995) a bhfuil ioncam tuillte féinfhostaithe acu ó ghairm nó ó thrádáil agus aon ioncam neamhthuillte eile faoi dhliteanas ÁSPC ag Aicme K ar an ioncam sin. Féadfaidh ranníocóirí fostaithe agus pinsinéirí ceirde, faoi bhun aois phinsin, atá 66 bliana d'aois faoi láthair, nach bhfuil ach ioncam neamhthuillte mar ioncam breise acu, d'fhéadfaidís a bheith faoi dhliteanas ÁSPC ar an ioncam sin ag Aicme K. | 4.10% | Nialasach |
| M | Baineann Aicme M le daoine a bhfuil dliteanas ranníocaíochta nialasach acu. | Nialasach | Nialasach |
| P | Baineann sé seo le hiascairí (idir fhir agus mhná) atá aicmithe mar fhéinfhostaithe agus a íocann ÁSPC cheana féin faoi Aicme S. Is ranníocaíocht roghnach í Aicme P agus tugann sí rochtain ar shochar cuardaitheora poist teoranta, sochar breoiteachta teoranta agus sochar cóireála. | 4.10% | N/B |
| S | Baineann sé seo le daoine féinfhostaithe, lena n-áirítear stiúrthóirí cuideachtaí áirithe, daoine áirithe a bhfuil ioncam acu ó infheistíochtaí, ó chíos agus baill áirithe d'údaráis áitiúla. | 4.10% | N/B |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí:

a Is é seo an t-uasráta iníoctha. Braitheann an ráta iarbhír ar an bpá comhlán seachtainiúil. Tá roinnt fo-aicmí laistigh de gach aicme a d'fhéadfadh ráta níos lú a íoc. Tá sé i gceist go n-ardófar na rátaí ón 1 Deireadh Fómhair 2025.

b Áirítear leis seo freisin iad siúd a rugadh ar an 1 Eanáir 1958 nó dá éis atá idir 66 agus 70 bliain d'aois agus nár bronnadh an Pinsean Stáit (Ranníocach) orthu.

c Tá an Córas Bailithe Speisialta ann d'fhostóirí a oibríonn párolla eachtrach nach bhfuil rochtain acu ar phárolla Éireannach agus d'fhostaithe neamh-ÍMAT nach bhfuil orduithe eisiaimh ÍMAT acu. Íoctar ranníocaíochtaí ÁSPC go díreach leis an Roinn Coimirce Sóisialaí.

d Fostaithe a rugadh roimh an 1 Eanáir 1958, nó daoine os cionn aois phinsin (66 bliana) agus atá ag fáil Pinsean Stáit (Ranníocach), nó daoine os cionn 70 bliana d'aois agus iad siúd atá san áireamh i bhfostaíocht fochuideachta.

**Iarscríbhinn 17B Achoimre ar shochair in 2024 do na príomh-aicmí ÁSPC**

| Sochar/aicme | A | D | H | J | K | M | S |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sochar uchtaíoch | ✓ | | ✓ | | | | ✓ |
| Íocaíocht sochair do dhaoine 65 bliain d'aois | ✓ | | ✓ | | | | ✓ |
| Sochar cúramóra | ✓ | ✓ | ✓ [a] | | | | ✓ [b] |
| Íocaíocht chaomhnóra (ranníocach) | ✓ | ✓ | ✓ | | | | ✓ |
| Sochar sláinte agus sábháilteachta | ✓ | | ✓ | | | | |
| Sochar breoiteachta | ✓ | | ✓ | | | | |
| Pinsean easláine | ✓ | | ✓ | | | | ✓ |
| Sochar cuardaitheora poist | ✓ | | ✓ | | | | |
| Sochar pá-choibhneasa cuardaitheora poist (ón 31 Márta 2025) | ✓ | | ✓ | | | | |
| Sochar cuardaitheora poist (féinfhostaithe) | | | | | | | ✓ |
| Sochar máithreachais | ✓ | | ✓ | | | | ✓ |
| Sochar díobhálacha ceirde | ✓ | ✓ | | ✓ | | ✓ [c] | |
| Sochar tuismitheora | ✓ | ✓ | ✓ | | | | ✓ |
| Sochar acmhainne páirteach | ✓ | | ✓ | | | | ✓ |
| Sochar atharthachta | ✓ | | ✓ | | | | ✓ |
| Pinsean stáit (ranníocach) | ✓ | | ✓ | | | | ✓ |
| Sochar cóireála | ✓ | | ✓ [a] | | | | ✓ |
| Sochar baintrí, baintrí fir nó páirtnéara shibhialta mharthanaigh (ranníocach) | ✓ | ✓ | ✓ [a] | | | | ✓ |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí:
a Íoctar le linn seirbhíse.
b Ón 1 Eanáir 2025.
c Tá sochar díobhálacha ceirde ar fáil dóibh siúd atá árachaithe faoi aicme M, i gcúinsí áirithe.

## Iarscríbhinn 17C Samplaí de chóireáil éagsúil chun críocha ÁSPC agus cánach ioncaim

- **Fo-mháistrí poist agus bainisteoirí oifige brainse leasa shóisialaigh** — tá comhaontú i bhfeidhm ó 1979 idir an Roinn, An Post agus Aontas Mháistrí an Phoist, go bhfuil máistrí poist árachaithe ag aicme A ÁSPC (fostaithe). Mar sin féin, chun críocha cánach, aithnítear máistrí poist mar sceideal D/féinfhostaithe. Seolann An Post ÁSPC an mháistrí poist go díreach chuig an Roinn, agus comhdaíonn na máistrí poist féin tuairisceáin bhliantúla ioncaim (brabúis) chuig na Coimisinéirí Ioncaim chun cáin a bhailiú. Tá staid chomhchosúil ann maidir le bainisteoirí oifige brainse Leasa Shóisialaigh.

  I mí na Bealtaine 2025, rinne na Coimisinéirí Ioncaim a dtreoirlínte maidir le cóireáil cánach ioncaim agus ÁSPC ar dhaoine aonair atá fostaithe mar fho-mháistrí poist agus mar bhainisteoirí brainse leasa shóisialaigh a nuashonrú. Chun críocha cánach ioncaim, ceanglaítear leis an treoir ar An Post agus ar an Roinn (mar 'fhostóirí') an creat athbhreithnithe cúig chéim a chur i bhfeidhm chun stádas fostaíochta fo-mháistrí poist agus bainisteoirí brainse a dheimhniú. Má chinntear go bhfuil na hoibrithe sin féinfhostaithe chun críocha cánach, ba cheart an t-ioncam a thabhairt ar ais mar ioncam féinfhostaíochta.

- **Teagascóirí baile** — Tá comhaontú riaracháin ag an Roinn Oideachais agus Óige leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir le teagascóirí baile. Cé go bhfuil na teagascóirí faoi réir ÁSPC aicme S (féinfhostaithe), baintear cáin ioncaim agus ÁSPC faoin gcóras ÍMAT (fostaí). Ní chomhdaíonn an teagascóir tuairisceán ioncaim ach amháin má tá ioncam eile á fháil aige/aici.

  I mí Aibreáin 2025, rinne na Coimisinéirí Ioncaim a dtreoir maidir le cánacha a ghearradh ar íocaíochtaí a dhéantar le teagascóirí baile a nuashonrú. Baineadh tagairtí d'aicmí sonracha ÁSPC agus cuireadh nóta leis chun a dheimhniú gurb í an Roinn atá freagrach as aicmí ÁSPC a dheimhniú.

- **Cróinéirí** — Ó thaobh na gCoimisinéirí Ioncaim de, tá gach íocaíocht le cróinéirí a eascraíonn as a gcáil mar shealbhóirí oifige inmhuirir i leith cánach ioncaim faoi sceideal E. Tá íocaíochtaí faoi réir asbhaintí ag an bhfoinse faoin gcóras ÍMAT (fostaí). Measann an Roinn gur 'sealbhóir oifige' é cróinéir, faoi aicme M den ÁSPC agus dá bhrí sin nach bhfuil aon dliteanas ÁSPC ann.

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

.